Rialtas Nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na cainteanna atá ar siúl chun rialtas nua a bhunú.

Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- engaged in discussion
- minority government
- policies
- a dark and gloomy day
- frustration
- waste of time
- lack of progress
- Independents
- decision
- a few busy days ahead

Féach ar an tuairisc den chéad uair. An raibh an ceart agat?

Ceist 2 Cad iad na páirtithe polaitíochta ar fad agus na polaiteoirí eile a luadh sa mhír?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

i. Cén dá pháirtí atá i mbun cainteanna agus cén fáth a bhfuil siad i mbun cainteanna?

ii. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

Louise O'Reilly
Éamon Ó Cuív
Seán Kyne

Ceist 4 Bhí an briathar saor de na briathra seo thíos le cloisteáil sa mhír. Féach ar an mír arís agus breac síos an leagan a chloiseann tú. Cén aimsir lena mbaineann siad?

Tuig:	*tuigtear*	*an aimsir láithreach*
Socraigh:	_____	_____
Lean:	_____	_____
Meas:	_____	_____
Bí:	_____	_____

Ceist 5 ‘…faoin bhfrustrachas…’
‘…ag an gcruinniú…’
‘…ag an bpointe…’

Samplaí eile:

- ag an Aire
- leis an aois
- faoin tábla
- ar an stáitse
- ar an tsráid

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na samplaí thuas agus déanaigí plé ar na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar an ainmfhocal a leanann réamhfhocal simplí agus an t-alt uatha.

Anois cuir Gaeilge ar na cinn seo:

- *at the train station*
- *on the floor*
- *at the table (bord)*
- *before the weekend*
- *with the bag*
- *out of the box*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

1. Cad atá i gceist le rialtas mionlaigh?
2. Ar mhaith leat go mbeadh Enda Kenny ina Thaoiseach arís?
3. An bhfuil mórán difríochtaí idir polasaithe Fhianna Fáil agus Fhine Gael, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
engaged in discussion – i mbun cainte
minority government – rialtas mionlaigh
policies – polasaithe
a dark and depressing day – lá dorcha gruama
frustration – frustrachas
waste of time – cur amú ama
lack of progress – easpa dul chun cinn
Independents – Neamhspleáigh
decision – cinneadh
a few busy days ahead – cúpla lá gnóthach amach romhainn

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

Socraigh:	*gur socraíodh*	*an aimsir chaite*
Lean:	*go leanfaí*	*an modh coinníollach*
Meas:	*meastar*	*an aimsir láithreach*
Bí:	*go mbeifear*	*an aimsir fháistineach*

Ceist 5
Níl sna pointí seo ach treoir ghinearálta:
- Uraítear ainmfhocail dar tús consan nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt uatha i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan (seachas DNTLS).
- Séimhítear ainmfhocail dar tús consan nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt uatha i gcanúint Uladh.
- Cuirtear ***t*** roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús ***s*** i ngach canúint.
- Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús ***t*** agus ***d*** nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt, in aon chanúint.
- Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús guta nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt (uatha), in aon chanúint.

- *at the train station* – ag an stáisiún traenach
- *on the floor* – ar an urlár
- *at the table (bord)* – ag an mbord (ag an bhord)
- *before the weekend* – roimh an deireadh seachtaine
- *with the bag* – leis an mála (leis an mhála)
- *out of the box* – as an mbosca (as an bhosca)

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá Fine Gael agus Fianna Fáil i mbun cainte tráthnóna le súil is rialtas nua a bhunú. Is ag díriú ar rialtas mionlaigh atá an dá pháirtí agus ar conas mar a d'oibreodh[1] a leithéid de shocrú. Tuigtear nach mbeidh aon phlé eatarthu ar pholasaithe ag an dtráth[2] seo.

Sorcha Ní Riada
Lá dorcha gruama a bhí i mBaile Átha Cliath inniu agus is beag rian a bhí ar pholaiteoirí ó aon pháirtí. Do labhair Louise O'Reilly ó Shinn Féin leis na meáin faoin bhfrustrachas agus cur amú ama, a deir siadsan, atá ann toisc an easpa dul chun cinn ó thaobh rialtais a chur le chéile. Tuigtear gur socraíodh ag cruinniú idir an tAire Sláinte, Leo Varadkar, agus an Teachta Dála Jim O'Callaghan ó Fhianna Fáil go leanfaí le cainteanna idir an dá pháirtí mhóra inniu. Meastar go mbeifear ag díriú ar conas a d'oibreodh[3] rialtas mionlaigh sula dtabharfar[4] aghaidh ar aon ábhar ar leith.

Éamon Ó Cuív, TD, Fianna Fáil
Beidh comhráite idir Fianna Fáil agus Fine Gael maidir le cén leagan amach a bheadh ar rialtas mionlaigh. Nuair a bheidh a fhios againn é sin, is dóigh liom go ndéanfaidh na Neamhspleáigh a n-intinn suas cé acu taobh a dtiocfaidh siad leis. Anois an rud nach féidir liomsa a fhreagairt ag an bpointe seo, an bhféadfadh roinnt Neamhspleách dul taobh amháin agus roinnt Neamhspleách dul taobh eile, nó an dtiocfaidh siad ar fad ar aon taobh amháin.

Seán Kyne, TD, Fine Gael
Teastaíonn cinneadh go luath agus sin an fáth anois a bhfuil Fine Gael agus Fianna Fáil ag teacht le chéile chun na rudaí tábhachtacha a phlé faoi… an mbeidh Fianna Fáil in ann tacú le rialtas mionlaigh le Fine Gael. Tá caint freisin go mbeidh Fine Gael ag tacú, b'fhéidir, le Fianna Fáil. Níl a fhios agam faoi sin ach… mar is é Fine Gael an páirtí is mó.

Sorcha Ní Riada
Cúpla lá gnóthach amach romhainn gan aon dabht. Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

[1] *a oibreodh* a deirtear
[2] Córas na Mumhan
[3] *a oibreodh* a deirtear
[4] *sara thabharfar* a deirtear